Plean Oibre/Plean Teangan

Oidhreacht Chorca Dhuibhne,
Baile an Fheirtéaraigh,
Co. Chiarraí

Márta 2010 – Márta 2013

Oidhreacht Chorca Dhuibhne
Baile an Fheirtéaraigh
Trá Lí
Co. Chiarraí.
Fón: +353 0 66 915 6100
Facs: +353 0 66 915 6348

Seoladh Ríomhphoist: eolas@cfcd.ie
Suíomh Idirlín: www.cfcd.ie/oidhreacht
Cúlra

Fo-chomhlacht an eagrais phobalbhunaithe agus an chomharchumainn Ghaeltachta, Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne í Oidhreacht Chorca Dhuibhne. Bunaíodh

Oidhreacht Chorca Dhuibhne i 1980 chun go ndéanfaí oidhreacht theanga is chultúir Ghaeltacht Chorca Dhuibhne a chaomhnú, a chur chun cinn is a fhorbairt do phobal an cheantair agus do chuairteoirí chun na háite.

Miseanráiteas Chomharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne

Tá Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne breis is daichead bliain ar an bhfód. Eagras pobail Gaeltachta é an Comharchumann a dheineann saol pobail, cultúrtha, eacnamaíochta agus sóisialta mhuintir Ghaeltacht Chorca Dhuibhne a fhorbairt is a fheabhsú agus a dheineann cúram ar leith den nGaelainn agus é i mbun na forbartha sin.

Foireann Oidhreacht Chorca Dhuibhne

Foireann Lánaimseartha

Máire Uí Shíthigh: Riarthóir
Caitríona Ní Chathail: Teagascóir Gaoluinne & Oifigeach Aosoideachais

Foireann Pháirtaimseartha
Máire Ní Scannláin: Áisitheoir & Teagascóir Teanga
Isabel Bennett: Caomhnóir Mhúsaem Chorca Dhuibhne
Órlaith Ruiséal: Stiúrthóir Tús Maith – Scéim na gCuairteoirí Baile
Cúntóirí Teanga, Cuairteoirí Baile, Amhránaí Cónaitheach, Scríbhneoirí Cónaitheacha,
Ealaíontóirí sna Scoileanna, Teagascóirí Rince & Ceoil áitiúla

Réamhrá

Tá an Plean Oibre / Gaelainne seo ag Oidhreacht Chorca Dhuibhne á chur le chéile i bhfianaise a bhfuil ráite sa Dréacht-Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010 – 2030 a foilsíodh i Mí na Samhna 2009, agus ar a bhfuil de thuiscintí ar staid reatha na Gaeltachta sa Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht Príomhthátal & Moltaí 2007.

Tá léiriú sa dá cháipéis ar an ngéarchéim i gcúrsaí Gaelainne sa Ghaeltacht, sa teaghlach agus sa chóras oideachais sa Ghaeltacht agus ar a leochailí is atá an teanga fiú sna ceantracha Gaeilge is láidre dá bhfuil ann.

Curtha san áireamh chomh maith tá a bhfuil bainte amach ag Oidhreacht Chorca Dhuibhne le tamall de bhlianta anuas maidir le cur chun cinn na teanga agus an taithí atá ag an eagras ar Scéimeanna Teanga is Cultúir is Oidhreachta a reáchtáil.

Cuireadh tús le próiseás Pleanála Teanga na tréimhse seo i gCorca Dhuibhne le linn mí Feabhra 2010 nuair a tionóladh Cruinniú Poiblí sa Daingean is táthar ag súil le dul i gcomhar le gach eagras deonach is Coiste pobail eile atá ag feidhmiú sa cheantar le Plean Teangan cuimsitheach a chur le chéile fé Shamhain 2010. Beidh na cúinsí sin ar fad atá luaite anseo mar chúlra ag Plean Oibre seo Oidhreacht Chorca Dhuibhne go ceann trí bliana.

Tá Plean Oibre na hOidhreachta go ceann trí bliana fé iamh. Tá an obair sin ar fad dírithe ar fhorbairt is ar chur chun cinn na teanga sa phobal agus sa chóras oideachais ach anuas airsean tuigtear ag an bpointe seo a thábhachtaí is atá sé Plean Teanga cuimsitheach agus spriocanna cinnte a aontú leis na páirtithe leasmhara. Tá tréimhse 6 mhí leagtha amach ag Oidhreacht Chorca Dhuibhne chun teacht ar réiteach ar an bPlean Teangan sin.

Ceantar feidhme Oidhreacht Chorca Dhuibhne

Baile an Fheirtéaraigh	An Fheothanach	Lios Póil
Dún Chaoin	An Mhuiríoch	An Clochán
Ceann Trá	An Daingean	

Stádas na gCeantar i nGaeltacht Chorca Dhuibhne

(de réir Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht 2007)

Catagóir A	**Catagóir B**	**Catagóir C**
Baile an Fheirtéaraigh Dún Chaoin An Fheothanach An Mhuiríoch	Ceann Trá	An Daingean Lios Póil An Clochán (Beidh an Clochán ina fho-cheantar ag Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne i réigíun Chiarraí de réir Plépháipéar ar Threisiú na Pleanála Teanga agus na Forbartha Pobail sa Ghaeltachta

Daonra measta an cheantair: 6,904

Móraidhmeanna Phlean Oibre / Teangan Oidhreacht Chorca Dhuibhne don dtréimhse 2010 – 2013 agus ina dhiaidh

- Go ndéanfar iarracht ar leith an teanga a bhuanú mar theanga phobail, teanga theaghlaigh, teanga na hóige, teanga na siamsaíochta agus mar theanga ghnó i gceantar Chorca Dhuibhne.

- Go gcuirfear cúram leanaí, oideachas réamhscoile, bunscoile, meánscoile agus tríú leibhéal chomh maith leis an oideachas d'Aosaigh ar fáil go hiomlán as Gaoluinn.

- Go gcuirfear an Fhorbairt Phobail chun cinn i dteannta Chomharchumann Chorca Dhuibhne is go gcuirfear Plean Teanga le chéile i gcomhar le heagraisí is le cumainn / clubanna / grúpaí forbartha eile i gCorca Dhuibhne. Go raghfar i gcomhairle ach go háirithe leis na Coistí Pobail / Eagraisí Deonacha / Institiúidí atá ag feidhmiu laistigh den gceantar atá luaite chun an Plean Teangan sin a chur le chéile.

- Go lonnófar Ionad Seirbhisí Teanga / Ionad Tacaíochta Teaghlaigh i gceartlár Ghaeltacht Chorca Dhuibhne chun na Seirbhísí Teanga cuí a sholáthar agus chun dul i ngleic leis na dúshláin a leanann cúrsaí teangan go háitiúil, go háirithe an dúshlán a bhaineann le sealbhú na teangan ag cainteoirí dúchais

- Tacaíocht teanga a sholáthar do phobal Chorca Dhuibhne mar phobal labhartha teanga

Gnéithe de Phlean Oibre/Teangan Oidhreacht Chorca Dhuibhne 2010 - 2013

i. An Ghaeilge sa teaghlach

ii.An Ghaeilge san oideachas

iii. An Ghaeilge i measc lucht gnó / Seirbhísí Stáit / Turasóireacht

iv. An Óige

v. Siamsaíocht / Caitheamh Aimsire / Spórt

vi. Músaem Chorca Dhuibhne / An Oidhreacht

vi. An Eaglais

vii. Forbairt Shóisialta agus Pobail

vii. Pleanáil Fhisiciúil

Mír 1: An Ghaeilge sa teaghlach

Tús Maith: Scéim na gCuairteoirí Baile: Spriocanna do 2010 - 2013

- Forbairt **Ionad Tacaíochta Teaghlaigh**/Ionad Seirbhísí Teanga i mBaile an Fheirtéaraigh a bhrú ar aghaidh fé réir Réimse Gnímh 6.2 + 6.3 de Straitéis 20 Bliain. (Taighde & Staidéar féidirtheachta déanta sa réimse seo ag Coiste áitiúil & Iarratas curtha fé bhráid na Roinne Gnóthaí Pobail Tuaithe is Gaeltachta).

- *Ionad Tacaíochta Teaghlaigh / Ionad Cúram Leanaí a eagrú i gceantar Bhaile an Fheirtéaraigh don dtréimhse 2010 -2013, ag tosnú amach ó Mheán Fómhair 2010, ar an mbonn go bhfuil gá le tacú le clannaibh a bhfuil a leanaí á dtógaint le Gaelainn acu. Tá gá lena leithéid mar go bhfuil cainteoirí dúchais ná fuil an sóisialú á dhéanamh acu tré mheán na Gaelainne lasmuigh den dtigh.

- Tús Maith: **Scéim na gCuairteoirí Baile** a bheith á reáchtáil go ceann tréimhse trí bliana eile.

- Stiúrthóir agus ceathrar Cuairteoirí Baile a fhostú go ceann trí bliana eile

- Beirt Chuairteoirí Baile eile a fhostú i gcomhar le Comhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh

- Taighde a dhéanamh / a choimisiúnú maidir le bealaí úrnua leis an sóisialú teanga a chur chun cinn i measc leanaí óga agus Cuairteoir Baile / Meantóirí Teaghlaigh eile (2) a fhostú i gceantar Chorca Dhuibhne a chuirfí ag obair i dtreo scéime Saibhriú Teangan le teaghlaigh ina bhfuil na leanaí á dtógaint le Gaelainn cheana féin. Díreofar isteach ach go háirithe ar na clannaibh atá ag tógaint a leanaí le Gaeilge.

- Oiliúint ghairmiúil leanúnach a chur ar Chuairteoirí Baile Chorca Dhuibhne/An Chlocháin / Uíbh Ráthaigh, Áiseanna a sholáthar agus Bolscaireacht a dhéanamh ar an scéim, sna scoileanna agus i measc tuismitheoirí óga ach go háirithe.

- Díriú isteach go práinneach ar chlannaibh atá ag tógaint a leanaí le Gaelainn.

- Forbairt Bhreise a dhéanamh ar an suíomh idirlín don Scéim Tús Maith

- Dul i gcomhairle le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte maidir le seirbhisí / tograí acusan a bheith ar fáil as Gaeilge. (Ceapadh Teiripeoir Urlabhra le Gaelainn líofa i Mí an Mheithimh 2008 le freastal a dhéanamh ar cheantar Chorca Dhuibhne)

- Cabhrú le **Lá Eolais do Thuismitheoirí Scoileanna Ghaeltachta** Chorca Dhuibhne a reachtáil. Tá sé seo ar cheann des na haidhmeanna atá ag an eagras Tuismitheoirí na Gaeltachta.

- Plé a bheith ag an Stiúrthóir nó ionadaí ó Thús Maith le Stiúrthóirí Naíonraí agus iad a bheith i láthair ag oíche eolais na Naíonraí chun sealbhú/iompar/saibhriú teanga a phlé.

Mír 2: An Ghaeilge san Oideachas

(i) An Luathoideachas

- Forbairt Ionad Tacaíochta Teaghlaigh/Ionad Seirbhísí Teanga i mBaile an Fheirtéaraigh a bhrú ar aghaidh fé réir Réimse Gnímh 6.2 + 6.3 de Straitéis 20 Bliain. (Taighde déanta sa réimse seo & Iarratas curtha fé bhráid na Roinne Gnóthaí Pobail. Tuaithe is Gaeltachta)

- Síoroiliúint a chur ar fáil do Stiúrthóirí Naíonraí agus comhoibriú oiread agus is féidir le soláthar an luathoideachais agus le tacaíocht do theaghlaigh Ghaeltachta.

- Cúrsaí dá leithéid 'Dioplóma sna Dána Forbairt an Linbh agus Sealbhú Teanga' a reáchtáladh do Chúntóirí Teanga / Stiúrthóirí Naíonraí sa tréimhse 2008 – 2010 fé choimirce Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Gaillimh a lorg arís do cheantar Chorca Dhuibhne in am tráth.

(ii) An Bunoideachas

- Foireann na gCúntóirí Teanga (20) a riaradh is a reáchtáil i mbunscoileanna agus in iarbhunscoileanna Ghaeltachtaí na Mumhan go ceann trí bliana eile.

- Leanúint leis an gCúrsa Oiliúna bliantúil a chuirtear ar na Cúntóirí Teangan ar fad i réimsí iompar leanaí, iompar teangan, sealbhú agus forbairt teangan. Dúshlán leanúnach is ea an easpa oiliúna ar chuid des na cúntóirí teangan agus an easpa teagmhála le cuid díobh i rith na scoilbhliana. Tugadh cuairt ar an scoil agus ar gach aon duine des na Cúntóirí Teanga i gCúige Mumhan le linn an Fhómhair 2009 chun go bpléifí leo an gá a bhí le Plean Teanga ag an scoil agus an teagasc a bheith á dhéanamh go hiomlán tré mheán na Gaelainne.

- Nasc a dhéanamh idir ról an Chúntóra Teangan agus Plean Teangan / Polasaí Teangan na scoile a dhréachtadh.

- Tá Scéim na gCúntóirí Teangan 16 bliana ar an bhfód. Tá sé beartaithe ag an Oidhreacht iniúchadh a dhéanamh ar ról an Chúntóra Teangan maidir le saibhriú na Gaoluinne don dalta a bhfuil an Ghaoluinn aige ag teacht ar scoil dó. (**6.1 Straitéis 20 Bliain lch.24**). Raghfar i gcomhar le hoidí bunscoile féachaint an bhféadfadh an scéim a bheith níos éifeachtaí maidir leis an sealbhú iomlán sa bhunscoil.

- An tAonad Sealbhaithe Teangan / Dianchúrsaí Samhraidh/Tráthnóna ag an mbunleibhéal a mholtar **(6.1 Straitéis 20 Bliain lch.23)** a bhrú ar aghaidh agus oiread tacaíochta agus is féidir a thabhairt do thogra dá leithéid atá á reachtáil i bPobalscoil Chorca Dhuibhne.

- Tá Gréasáin de thuismitheoirí Gaeltachta curtha le chéile

mórthimpeall ar ranganna do Thuismitheoirí i gceithre cinn de bhunscoileanna ó Fhómhar 2009. Tá sé i gceist cur le líon na ngrúpaí seo go ceann trí bliana eile agus an fheasacht teanga a chur chun cinn tríothu san.

(iii) An tIar-bhunoideachas

- 23 Cúntóirí Teangan atá fostaithe in iar-bhunscoileanna Ghaeltachtaí na Mumhan a fhostú go ceann trí bliana eile.
- Comhoibriú leis agus tacaíocht a thabhairt do Pholasaí agus Soláthar oideachas lán-Ghaeilge i bPobalscoil Chorca Dhuibhne sa Daingean.
- Tacaíocht a thabhairt don gclár Droichead i bPobalscoil Chorca Dhuibhne.
- Scéim an Scríbhneora Chónaithigh a reachtáil i bPobalscoil Chorca Dhuibhne. Déanfar iarracht breis daoine óga a chur ag léamh agus ag scríobh sa Ghaeilge tré Scéim Léirmheastóireachta/Scéim Blagála. Tionscnaíodh an Scéim Blagála sa bhliain 2009 agus baineadh amach duais de chuid Údarás na Gaeltachta.
- Daltaí iarbhunscoile a mhealladh i dtreo an Ionaid Seirbhísí Teanga sa Daingean. Cuireadh tús lena leithéid le sraith cainteanna ar Gairmeacha le Gaeilge a reáchtáil i mí Márta 2010.
- Tacú le daltaí a chur ar aghaidh chuig Comórtas Scoraíochta an Oireachtais i gcomhar leis an Amhránaí Cónaitheach atá fostaithe ag Oidhreacht Chorca Dhuibhne.

(iv) **Oideachas do Aosaigh / An Ghaelainn sa phobal**

Spriocanna do 2010 - 2013
Leanfar ag spreagadh pobal labhartha na Gaelainne mar aon le pobal foghlama na teanga le húinéireacht a bheith acu ar an dteanga:

- Leanfar ag soláthar cúrsaí Gaelainne ar ardchaighdeán do lucht foghlama na Gaelainne

- Leanfar ag forbairt **Cúrsaí Gaelainne** – cúrsaí teanga agus cúrsaí gairmiúla (cúrsaí aistriúcháin/do mhúinteoirí srl) – (3 chúrsa nua forbartha le linn na tréimhse 2007-2010 – Ceardlann Aistriúcháin; Cúrsa Gaelainne agus Siúlóidí Oidhreachta x 2; Líofacht sa Ghaeilge idir Labhairt agus Scríobh dírithe ar mhúinteoirí).

- Cur leis an **Turasóireacht Chultúrtha/Oideachais** trí chúrsaí Gaeilge agus Caitheamh Aimsire a fhorbairt. Seoladh trí cinn de Shiúlóidí Oidhreachta le linn 2009 chun go gcuirfí a leithéid chun cinn.

- Leanfar leo agus forbrófar tuilleadh **cúrsaí teangan do thuismitheoirí** – ranganna teagaisc agus seisiúin fhoghlama neamhfhoirmiúla (Ranganna ar siúl : Baile an Fheirtéaraigh; An Charraig; Ceann Trá; An Daingean le linn 2009)

- Forbrófar agus foilseofar **sainábhar teagaisc/foghlama** don suíomh idirlín i gcanúint na Mumhan

- Forbrófar an Scéim Meántóireachta Deonach – scéim ina dtacaíonn cainteoirí dúchais Gaelainne le foghlaimeoirí. (Á reáchtáil ó 2009)

- Forbrófar '**Seisiún Seamanna'** – seisiúin teanga do chainteoirí dúchais/líofa sa Ghaelainn atá ag iarraidh a bhfoclóir a shaibhriú (Ag tosnú 8ú Feabhra 2010).

- Leanfar agus forbrófar an **Club Léitheoireachta** do dhaoine fásta trí liostaí léitheoireachta agus tuairimí ar leabhair a chur ar an suíomh idirlín ag Oidhreacht Chorca Dhuibhne.

- Leanfar ag comhoibriú le hAcadamh na hOllscolaíochta Gaeilge i soláthar **cúrsaí oideachais tríú leibhéal d'aosaigh**: Cúrsaí teanga; Cúrsaí Dioplóma srl.

- Leanfar léi agus déanfar forbairt ar an **Scéim Meántóireachta** – scéim ina n-oibríonn cainteoirí dúchais Gaeilge le foghlaimeoirí Gaeilge. Forbrófar an scéim trí mheántóirí a chur ag obair le teaghlaigh, ag dearbhú go sealbhaíonn leanaí/ an chéad ghlúin eile teanga shaibhir a sínsear.

- Comhoibriú le Seirbhís Oideachais Chiarraí & le Breacadh **Bunoideachas do Dhaoine Fásta** a chur chun cinn tré Ghaelainn, tré oiliúint a chur ar fáil do Theagascóirí Deonacha (Oiliúnt ar siúl i gCorca Dhuibhne i mí Márta 2010)

Mír 3: An Ghaelainn ag Lucht Gnó / Seirbhísí / Turasóireacht

Spriocanna 2010 - 2013

- Leanfaidh Oidhreacht Chorca Dhuibhne ag forbairt **Corca Dhuibhne ag Caint** – (Duais €3,000 buaite i gComórtas Ghlór na nGael 2009), togra i gComhar le hÚdarás na Gaeltachta a spreagann buanú agus neartú na Gaeilge i measc lucht gnó an Daingin agus a gcustaiméirí (25 gnó cláraithe leis an togra fé láthair).

- Leanfar ag forbairt **an tIonad Buanaithe Teanga**/ Ionad Ilfhreastail, ar an Meall, An Daingean.

- San Ionad Buanaithe Teanga reáchtáiltear/reáchtáilfear:
  - Oifig Pobail Chorca Dhuibhne ag Caint
  - Ranganna Gaelainne do dhaoine fásta,
  - Ranganna Gaelainne do thuismitheoirí
  - Forbrófar sainchúrsaí d'Údaráis Áitiúla Chiarraí; lucht gnó/ cúram custaiméirí
  - Maidineacha caifé (gach maidin Aoine)
  - Lón Gaelach le haoi speisialta (Máirt amháin sa mhí)
  - Seisiúin mheántóireachta
  - Seisiúin teanga do lucht Ardteistiméireachta
  - Forbrófar leabharlann d'ábhar foghlama
  - Leanfar ag comhoibriú le Cumann Turasóireachta Chorca Dhuibhne

- Leanfar ag Comhoibriú le Comhairle Contae Chiarraí agus Feidhmeannas na Seirbhíse Sláinte i spreagadh an phobail ar sheirbhísí trí Ghaelainn a éileamh.

- Forbrófar **An Oifig Eolais** – maidir le soláthar seirbhísí trí Ghaeilge; imeachtaí teanga/cultúrtha eile.

- Tá sé de sprioc ag Corca Dhuibhne ag Caint teagmháil a

dhéanamh le agus comhoibriú le lucht soláthar seirbhísí i mbaile an Daingin – Bainc; Feidhmeannas na Seirbhíse Sláinte; An Garda Síochána agus eile.

Mír 3: An Óige

- Déanfar Campa Ealaíne Samhraidh do dhaoine óga a eagrú ar feadh coicíse i mí an Mheithimh. Lucht meánscoile, Bliain 1 & Bliain 2 an dream go bhfuil an campa seo dírithe orthu. Caithfear seachtain ag gabháilt don bhFísealaín agus ceann eile don bpéintéireacht
- Óige na Gaeltachta Cur le líon na nGrúpaí Tacaíochta Teaghlaigh idir Ghrúpaí Súgartha, Sheisiúin Chócaireachta, Ealaíne agus Potadóireachta agus iadsan á reáchtáil i gcomhar le hÓige na Gaeltachta. Tá na seisiúin seo dírithe ar an aoisghrúpa 7-12 agus tugann siad deis do leanaí a gcuid Gaeilge a úsáid in atmaisféar taitneamach lasmuigh den scoil.

Mír 5: Na hEalaíona / Siamsaíocht / Caitheamh Aimsire / Spórt

- Leanfar leis an **Togra Béaloidis i mBunscoileanna Chorca Dhuibhne** go ceann tréimhse trí bliana eile, i gcomhar leis an Aonad Forbartha Curaclaim i gColáiste Mhuire gan Smál i Luimneach. Foilsíodh Tídil Eidil Éro mar chuid den dtogra seo i mí na Nollag 2009. Raghfar ag obair ar phacáiste eile ina mbeidh amhráin neamhchoitianta eile ná cloistear mórán anois.
- Foilseacháin: Foilseofar 'Coiglímis an tine agus Scéalta eile', saothar seanchais agus béaloidis ó Cháit an Bhab Feirtéar curtha in eagar ag Roibeard Ó Cathasaigh agus Bo Almquist.
- Leanfar leis an Scéim Cónaitheach don **Amhránaí ar an Sean-Nós**. Tá toradh na scéime le feiscint sa líon leanaí a ghlac páirt i Scoraíocht agus i gcomórtaisí eile Oireachtais i 2009. Tá sé i gceist ag an Oidhreacht Máistir-Ranganna a eagrú chun amhránaithe óga a bhfuil bua acu a thabahirt chun cinn
- Tuilleadh **Ceardlanna Amhránaíochta / Oícheanta Sean-nóis** a eagrú chomh maith le **Féile Amhránaíochta & Scéalaíochta** (bunaithe ó 2008**)** don óige sa mhí Bealtaine chun amhránaithe/scéalaithe a thabhairt chun cinn.
- Reáchtálafar **Club Ceoil** do gach aoisghrúpa i Músaem Chorca Dhuibhne, go háirithe dos na déagóirí. Tabharfar tacaíocht do Scoil Cheoil an Earraigh a reáchtáltar i mBaile an Fheirtéaraigh. Tá an rannpháirtíocht sna himeachtaí seo ana-thábhachtach do shóisialú teanga na ndaoine óga.
- Reáchtálfar **Club Leabhar** do dhaoine fásta i Músaem Chorca Dhuibhne. **An Scríbhneoir Cónaitheach** a dheineann áisitheoireacht ar an gClub.
- Cuid de thraidisiún ealaíne an cheantair é taispeántas pobalbhunaithe **Féile na Cásca** i gCorca Dhuibhne maraon le **Scéim na nEalaíontóirí** sna scoileanna. Beifear ag leanúint leis an dtaispeántas/scéim le cabhair Ealaín na Gaeltachta agus beidh an Ghaelainn lárnach i

ngach céim den dtogra. Téama 2010 ná an ceangal idir na tíortha Ceilteacha agus beidh beirt amhránaithe Ó thraidisiún na hÉireann agus na Gáidhlige i dteannta na nEalaíontóirí sna scoileanna.

Mír 6: Músaem Chorca Dhuibhne / An Oidhreacht

- Creidiúnú Iomlán a bhaint amach don Mhúaem sa Chlár um Chaighdeáin do Mhúsaeim na hÉireann.
- Obair leanúnach chun go gcruthófar Comhaid Chartlainne as na comhaid atá ann fé láthair.
- Comhoibriú le Áitreabh – grúpa atá i mbun staidéir ar Stain na Lonnaíocht in Éirinn – chun comhdháil a reáchtáil mí na Bealtaine 2010.
- Breis oibre ar fhorbairt na siúlóidí/siúlóide leis na bunscoileanna sa cheantar.
- Bileoga oibre a leagan amach do Dhún an Óir / Na Spáinnigh agus do Flóra an cheantair i gCorca Dhuibhne do 2011/2012. (trí cinn sa tsraith cheana féin)
- Straitéisí a fhorbairt anuas ar 'An Chonair Oidhreachta' (comhfhiontar idir Díseart, Ionad an Bhlascaoid Mhóir & Músaem Chorca Dhuibhne) chun breis cuairteoirí a mhealladh go dtí an Músaem.
- Caibinéidí comhad dódhíonacha a lorg (& iarratas seolta chuige sin chuig An Chomhairle Oidhreachta)
- Breis comhoibriú le soláthraithe seirbhísí Turasóireachta trí Chomharchumann Turasóireachta Chorca Dhuibhne & Fáilte Ireland.
- Taispeántaisí Taistil a eagrú sa Mhúsaem uair sa bhliain sa tsamhradh.
- Comhoibriú le Díseart – Institiúid Oideachais agus Chultúir Dhúchais, An Daingean
- Aitheantas ag an Músaem le haghaidh 'Cúram na mBailiúchán'. Straitéis chuige sin a chur le chéile, a chur i bhfeidhm, agus a thabhairt chun críche
- Pobal Chorca Dhuibhne a mhealladh chun go mbainfidh siad úsáid níos mó as an ionad taispeántais sa Mhúsaem Cairde Éanlaith Éireann, mar shampla nó bunscoileanna an cheantair.
- Suíomh Idirlín agus leathanach Facebook a athnuachan go

rialta.

- Deiseanna oiliúna foirne a aithint
- Plean Éigeandála a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm don Mhúsaem
- Tuilleadh imeachtaí/fógraíochta a eagrú, agallaimh raidió, seimineáir, leachtaí agus eile.
- Scéal an Mhúsaem a bheith i dteangacha breise
- Clós /Cúlghairdín a fhorbairt sa tslí go bhféadfaí é a úsáid
- Athchóiriú a dhéanamh ar an siopa
- Suirbhé a dhéanamh ar chuairteoirí an Mhúsaem ar fhágaint na háite dóibh
- Digitiú ar an Suirbhé Seandálaíochta, Taighde a dhéanamh ar conas a d'fhéadfaí cartlann Flóra Chorca Dhuibhne a chur ar líne agus taispeántas ríomhbhunaithe a bhunú air
- Polasaithe i leith taispeántaisí agus oideachais a thabhairt chun críche
- Plean a ullmhú maidir le Doiciméidí (backlog)
- Féidirtheachtaí maidir le spás stórála a fhiosrú.